



**NCCA**

An Chomhairle Náisiúnta  
Curacláim agus Measúnachta  
National Council for  
Curriculum and Assessment

# Cláir Foghlama na Sraithe Sinsearaí: Leibhéal 1 agus Leibhéal 2

## Ráiteas Cláir

Feabhra 2024

<b>AN TSRAITH SHINSEARACH</b> .....	- 4 -
<b>RÁITEAS CLÁIR: FORLÉARGAS</b> .....	- 6 -
<b>CÉ DÓ AR DEARADH NA CLÁIR FOGHLAMA?</b> .....	- 7 -
Leibhéal 1.....	- 7 -
Leibhéal 2.....	- 7 -
Comhad Tacaíochta Scoláire .....	- 7 -
Breis eolais agus tacaíochtaí.....	- 9 -
<b>PRÍOMHINNIÚLACHTAÍ SA TSRAITH SHINSEARACH</b> .....	- 10 -
<b>CLÁIR FOGHLAMA LEIBHÉAL 1 AGUS LEIBHÉAL 2 NA SRAITHE SINSEARAÍ: RIACHTANAIS CHLÁIR</b> .....	- 12 -
Cláir Foghlama Leibhéal 1 na Sraithe Sinsearaí.....	- 12 -
Cláir Foghlama Leibhéal 2 na Sraithe Sinsearaí.....	- 13 -
<b>PLEANÁIL DO NA CLÁIR FOGHLAMA</b> .....	- 15 -
Ceannaireacht agus bainistíocht.....	- 15 -
Ag Eagrú na gClár Foghlama.....	- 15 -
Teagasc agus Foghlaim .....	- 17 -
Contanam dul chun cinn do mheasúnú leanúnach .....	- 18 -
Leibhéal 1 An Contanam Dul chun Cinn .....	- 18 -
Leibhéal 2 An Contanam Dul chun Cinn .....	- 19 -
Cumarsáid le tuismitheoirí agus caomhnóirí.....	- 19 -
Leanúnachas, dul chun cinn agus conairí.....	- 19 -
<b>MEASÚNÚ</b> .....	- 21 -
Measúnú don teistiúchán.....	- 21 -
Ag bailiú fianaise don mheasúnú don teistiúchán .....	- 21 -
Punann an Scoláire .....	- 21 -

<b>GNÓTHACHTÁIL A CHÚITEAMH .....</b>	<b>- 23 -</b>
<b>Critéir Mheasúnaithe .....</b>	<b>- 23 -</b>
<b>Tuairisceoirí Gnóthachtála.....</b>	<b>- 24 -</b>
Leibhéal 1 .....	- 24 -
Leibhéal 2 .....	- 24 -
<b>ATHBHREITHNIÚ AR MHEASÚNÚ AGUS FOGHLAIM .....</b>	<b>- 25 -</b>
<b>Bailíochtú inmheánach .....</b>	<b>- 25 -</b>
<b>Bailíochtú seachtrach.....</b>	<b>- 25 -</b>
<b>NAISC ÚSÁIDEACHA .....</b>	<b>- 26 -</b>
<b>Aguisín 1: Gluais de Bhriathra Gnímh.....</b>	<b>- 27 -</b>

---

## An tsraith shinsearach

Tá sé mar aidhm ag an tsraith shinsearach leanúint le hoideachas iomlánaíoch a chur ar an duine agus cur le rath an duine. Cuireann eispéiris an scoláire le linn na sraithe sinsearaí lena fhorbairt intleachtach, shóisialta agus phearsanta mar aon lena shláinte agus a fholláine ar bhonn ginearálta. Baineann 8 dtreoirphrionsabal leis an tsraith shinsearach.

Treoirphrionsabail na Sraithe Sinsearaí	
Folláine agus caidrimh	Rogha agus solúbthacht
Oideachas ionchuimsitheach agus éagsúlacht	Leanúnachas agus aistrithe
Dúshlán, rannpháirtíocht agus cruthaitheacht	Rannpháirtíocht agus saoránacht
Foghlaim le foghlaim, foghlaim don saol	Timpeallachtaí foghlama agus comhpháirtíochtaí

Is slat tomhais iad na prionsabail seo do scoileanna agus do shuíomhanna oideachais eile agus a sraith shinsearach á dearadh acu. Cuimsítear leis an tsraith shinsearach, Idirbhliain roghnach agus cúrsa dhá bhliain ina diaidh, a bhfuil ábhair agus modúil mar chuid de. Tarlaíonn an fhoghlaim i scoileanna, pobail, suíomhanna oideachasúla agus suíomhanna eile, lena n-aithnítear neamhspleáchas méadaitheach an scoláire, ag tógáil ar an tsraith shóisearach. Bunaítear caidrimh le múinteoirí ar bhonn níos aibí agus glacann an scoláire níos mó freagrachta air féin as a chuid foghlama féin.

Sa tsraith shinsearach, cuirtear curaclam ar fáil ina mbíonn dúshlán don scoláire an leibhéal is airde de ghnóthachtáil oideachasúil a bheith mar sprioc aige, i gcomhréir lena chuid inniúlachtaí agus cumas féin. I gcaitheamh na sraithe sinsearaí, bíonn deiseanna ag an scoláire dul i ngleic le dúshlán shóisialta, chomhshaoil, eacnamaíochta agus teicneolaíochta, agus chun feabhas a chur ar a thuiscint ar chearta an duine, ar cheartas sóisialta, ar chothroime, ar éagsúlacht agus ar inbhuanaitheacht. Tugtar tacaíocht don scoláire chun roghanna bunaithe ar eolas a dhéanamh agus conairí éagsúla tríd an tsraith shinsearach á roghnú aige agus bíonn deiseanna ag gach scoláire lúcháir agus sásamh a bhaint as clocha míle móra a bhaint amach ina chuid oideachais. Ba cheart go gcuirfeadh an tsraith shinsearach bonn láidir don scoláire faoin aistriú go dtí an breisoideachas, an t-oideachas aosach agus an t-ardoideachas, printíseachtaí, tréimhsí oiliúna agus fostaíocht, agus rannpháirtíocht bhríoch sa tsochaí, sa gheilleagar agus sa saol aosach.

Ba cheart go bhfreastalódh an t-eispéireas oideachasúil sa tsraith shinsearach ar gach aon scoláire, go bhfreagródh sé dá chuid láidreachtaí agus riachtanas foghlama, agus go mbeadh meas agus urraim ann don éagsúlacht agus go ndéanfaí sin a cheiliúradh. Bíonn éagsúlachtaí ann i measc scoláirí ó thaobh cúlra teaghlaigh agus cultúir de agus i dtaca le teangacha, aois, stádas eitneach, creideamh, inscne, agus féiniúlacht ghnéis agus maidir lena gcuid láidreachtaí, riachtanas, spéiseanna, inniúlachtaí agus réamheolais, scileanna, luachanna agus meonta. Ba cheart go ndéanfaí féiniúlacht gach aon scoláire a cheiliúradh, go léireofaí meas uirthi agus go bhfreagrófaí di le linn don scoláire a bheith ag dul tríd an tsraith shinsearach.

Ar leibhéal praiticiúil, tacaítear leis an tsraith shinsearach le forbairt ghairmiúil bhreisithe; le rannpháirtíocht múinteoirí, leis an scoláire, tuismitheoirí, ceannairí scoile agus páirtithe leasmhara eile; acmhainní; taighde; cumarsáid shoiléir; comhsheasmhacht polasaí; agus le fíis chomhroinnte i dtaca lena mbítear ag iarraidh a bhaint amach dár gcuid daoine óga tríd an tsraith shinsearach, agus iad ag réiteach chun tús a chur leis an saol aosach. Cuirtear beocht inti i scoileanna agus i suíomhanna eile oideachasúla trí:

- pleanáil, forbairt, eagrú, machnamh agus measúnú éifeachtach curaclaim

- cuir chuige teagaisc agus foghlama a spreagann an scoláire agus a ligeann dó feabhsú
- cultúr scoile ina léirítear meas ar an scoláire agus ina gcuirtear grá don fhoghlaim chun cinn.

## Ráiteas Cláir: Forléargas

---

Tá Clár Foghlama Leibhéal 1 na Sraithe Sinsearaí agus Clár Foghlama Leibhéal 2 na Sraithe Sinsearaí forbartha ag an gComhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta (CNCM) le teacht i ndiaidh Chláir Foghlama úra Leibhéal 1 (CFL1anna) agus Leibhéal 2 (CFL2anna) sa tsraith shóisearach. Is é aidhm na gclár sraithe sinsearaí ná an scoláire a ullmhú don saol i ndiaidh na scolaíochta, rud a chumasóidh é le bheith ina fhoghlaimoir fadsaoil agus le bheith níos neamhspleáiche. Is cláir shainoiriúnaithe iad cláir Leibhéal 1 agus Leibhéal 2 na sraithe sinsearaí a fhreastalaíonn ar riachtanais faoi leith foghlama an scoláire, rud atá riachtanach leis na torthaí is fearr is féidir a fháil a bhaint amach don scoláire.

Tá sé mar aidhm ag an Ráiteas Cláir tacú le múinteoirí, oideoirí agus bainistíocht na scoile cláir na sraithe sinsearaí ag Leibhéal 1 agus Leibhéal 2, atá freagrúil do phróifíl buanna, riachtanas agus cumas gach scoláire, a phleanáil agus a dhearadh. Déanann an Ráiteas Cláir:

- forbheathnú a thabhairt ar Chláir Foghlama Leibhéal 1 agus Leibhéal 2 na Sraithe Sinsearaí
- breac-chuntas a thabhairt ar an eolas, na scileanna, na luachanna agus na meonta a fhorbróidh an scoláire sa tsraith shinsearach
- tacú leis an bpróiseas maidir leis an scoláire is mó a d'fheilfeadh a phróifíl foghlama do Chláir Leibhéal 1 agus/nó Leibhéal 2 na Sraithe Sinsearaí a shainathint
- breac-chuntas a thabhairt ar na socruithe measúnaithe agus tuairiscithe do gach clár.

## Cé dó ar dearadh na Cláir Foghlama?

---

### Leibhéal 1

Dearadh Clár Foghlama Leibhéal 1 na Sraithe Sinsearaí (CFL1SS) do ghrúpa scoláirí ar leith. Is mó seans go mbeidh moill forbartha ilréimseach shuntasach ag baint leis ar fud roinnt réimsí lena n-áirítear scileanna foghlama, cumarsáide, teanga agus oiriúnaitheacha.

Is minic a bhíonn roinnt riachtanas casta cognaíoch agus feidhmithe ag an ngrúpa scoláirí seo. D'fhéadfadh deacracht a bheith acu an saol mórthimpeall orthu agus a n-áit sa saol sin a thuiscint. D'fhéadfadh deacracht a bheith acu le scileanna cumarsáide léirithigh agus glactha chomh maith. D'fhéadfadh an scoláire lagú luaille, lagú céadfach nó riachtanais chúram sláinte chasta a léiriú. D'fhéadfadh scoláirí áirithe lagú amháin nó níos mó ná sin a léiriú mar tá na riachtanais seo uilig idirghaolmhar.

Tá seans ann go bhfuil scoláirí a bhfuil an leibhéal seo riachtanais acu i scoil speisialta, nó i rang speisialta in iar-bhunscoileanna phríomhshrutha, agus is dócha go bhfuil diagnóis oifigiúil acu. Go hiondúil tá an scoláire atá ag tabhairt faoi CFL1SS tar éis tabhairt faoi CFL1 ag leibhéal na sraithe sóisearaí.

### Leibhéal 2

Dearadh Clár Foghlama Leibhéal 2 na Sraithe Sinsearaí (CFL2SS) don scoláire a gcuireann a phróifíl chognaíoch bac air tabhairt faoi Chlár na hArdeistiméireachta Bunaithe (ATB), faoi Ghairmchlár na hArdeistiméireachta (GCAT) nó faoi Chlár na hArdeistiméireachta Feidhmí (ATF). Is mó seans go mbeidh moill forbartha ilréimseach mheasartha ag baint leis thar roinnt réimsí lena n-áirítear scileanna foghlama, cumarsáide, teanga agus feidhmithe.

Is mó seans gur thug an scoláire atá ag tabhairt faoi CFL2SS faoi Chlár Foghlama Leibhéal 2 ag leibhéal na sraithe sóisearaí. Má tá sé ag freastal ar scoil phríomhshrutha, aithneofar go mbeidh an scoláire ag an leibhéal Tacaíocht do Dhaltaí Áirithe de [Chontanam na Tacaíochta](#) (CoS).

Is gá do scoileanna plé a dhéanamh leis na tuismitheoirí/caomhnóirí agus leis an scoláire féin le féachaint an bhfuil CFL2SS oiriúnach dó. Is gá tuismitheoirí/caomhnóirí a chur ar an eolas maidir leis na himpleachtaí acadúla, curaclaim agus breisoideachais a bheadh i gceist sa chás go mbeartaíonn an scoláire tabhairt faoi CFL2SS.

Cuirfidh próifíl foghlama an scoláire atá ina Chomhad Tacaíochta Scoláire (CTS) fianaise agus eolas tiomsaithe ar fáil le léiriú an é CFL2SS an clár is oiriúnaí dó.

### Comhad Tacaíochta Scoláire

Úsáidtear an Comhad Tacaíochta Scoláire (CTS) leis an bhfaisnéis ábhartha ar fad a bhaineann leis an scoláire a chur i dtoll a chéile. Tá sé leagtha amach le léargas iomlán, cuimsitheach agus iomlánaíoch a thabhairt ar an scoláire agus taifeadadh a dhéanamh ar a dhul chun cinn, láidreachtaí, riachtanais agus idirghabhálacha. Cabhraíonn sé le leanúnachas tacaíochta a chinntiú do scoláire agus cumasaíonn sé rannpháirteachas an tuismitheora i bhfoghlaim an scoláire. Saináithníonn an CTS:

- sainriachtanais speisialta oideachais (RSO)
- próifíl foghlama an scoláire
- acmhainní teagaisc agus/nó teicneolaíochta cúnta a theastaíonn le tacaíocht a thabhairt don scoláire

- straitéisí a thacaíonn leis an scoláire.

Bíonn úsáid réimse leathan cur chuige measúnaithe foirmiúil agus neamhfhoirmiúil i gceist le bailiú eolais chun láidreachtaí agus riachtanais an scoláire a shainaithint. D'fhéadfadh measúnuithe caighdeánaithe, measúnuithe a chuireann gníomhaireachtaí seachtracha ar fáil, agus measúnuithe cosúil leo sin a dhíríonn ar scileanna feidhmithe forbartha agus oiriúnaithigh a bheith i gceist le measúnuithe foirmiúla. D'fhéadfadh measúnuithe de réir critéir, measúnuithe deartha ag múinteoirí nó measúnú ar bith atá saincheaptha agus spriocdhírithithe chun láidreachtaí agus réimsí faoi leith riachtanais an scoláire a shainaithint a bheith i gceist le measúnuithe neamhfhoirmiúla. Is féidir aiseolas agus comhairle a lorg ó ghníomhaireachtaí seachtracha maidir le measúnuithe scoilbhunaithe freisin chun tacú le sainaithint phróifíl an scoláire. Is gá réimse leathan cur chuige measúnaithe a úsáid mar go bhféadfadh riachtanais a bheith ag an scoláire i roinnt réimsí agus d'fhéadfaidís a bheith idirghaolta. Trí úsáid a bhaint as an eolas ó fhoinsí éagsúla, cabhraítear le cruthú phróifíl an scoláire, rud a chuireann an fhianaise ar fáil le tacú leis an gcinneadh do scoláire tabhairt faoi CFL2SS nó CFL1SS.

Tá na spriocanna gearrthéarmacha agus fadtéarmacha atá mar chuid den Phlean Tacaíochta Scoláire (PTS) san áireamh sna spriocanna atá leagtha amach sa CTS foriomlán. Is cáipéis bheo inoibrithithe é an CTS a úsáidtear chun rianú dhul chun cinn an scoláire agus a aistriú ón tsraith shóisearach go dtí an clár is oiriúnaí don scoláire sa tsraith shinsearach agus i ndiaidh na scoile a éascú.

Roimh chinneadh a dhéanamh go bhfuil Clár Foghlama Sraithe Sinsearaí Leibhéal 1 nó Leibhéal 2 oiriúnach do scoláire faoi leith, tabharfaidh scoileanna faoi phróiseas tréan comhoibríoch bailithe eolais, faoi threoir an [Chreata Contanaim Tacaíochta](#), le heolas agus cáipéisíocht ó mhúinteoir oideachais speisialta, múinteoirí scoile agus tuismitheoirí an scoláire, agus ó ghairmithe seachtracha, de réir mar is cuí, a bhailiú agus a chur i dtoll a chéile. Bíonn an t-eolas seo mar chuid den CTS agus cabhraíonn sé lena cinntiú go bhfuil plean dul chun cinn iomchuí ann don scoláire i ndiaidh dó clár na sraithe sóisearaí a chríochnú. Áirítear leis sin plean don tsraith shinsearach agus don aistriú i ndiaidh na scoile, lena n-áirítear seirbhísí d'aoisigh, breisoideachas agus/nó fostaíocht. Déantar taifeadadh den eolas seo i CTS an scoláire freisin.

Bíonn sé úsáideach machnamh a dhéanamh ar na ceisteanna seo agus an clár is oiriúnaí do scoláire á shainaithint:

1. Ar chuir an scoláire i gcrích nó ar thug an scoláire faoi chlár Leibhéal 1 agus Leibhéal 2 na sraithe sóisearaí? Céard iad na cláir, ábhair nó gearrchúrsaí eile ar thug an scoláirí fúthu mar chuid dá oideachas sraithe sóisearaí?
2. An bhfuil diagnóis fhoirmiúil ag an scoláire agus/nó an bhfaigheann sé gráid atá go suntasach faoi bhun an mheánréimse scór go leanúnach i measúnuithe scoilbhunaithe? Is ionann measúnuithe scoilbhunaithe agus measúnuithe a dtugtar breac-chuntas orthu i liosta measúnuithe molta na Roinne Oideachais: [Liosta Measúnuithe Ceadaithe](#)
3. An bhfuil múinteoirí ranga an scoláire i ndiaidh fianaise a chur ar fáil go bhfuil deacrachtaí suntasacha ag an scoláire leis an bhfoghlaim sa churaclam ag Leibhéal 3 na sraithe sóisearaí, cé gur cuireadh tacaíocht ar fáil don scoláire?
4. Ar míníodh CFL2SS agus CFL1SS go mion agus ar pléadh leis an scoláire agus leis na tuismitheoirí/caomhnóirí iad lena gcuid tuairimí a mheas?



5. An ndeachaigh an scoile i gcomhairle leis an scoláire agus lena thuismitheoirí lena gcuid tuairimí ar dhul chun cinn sa tsraith shinsearach agus an t-aistriú go seirbhísí d'aoisigh, breisoideachas nó fostaíocht i ndiaidh na scoile a chlosteáil?
6. Má tá an scoláire i ndiaidh dul ar aghaidh go dtí an tsraith shinsearach cheana féin, an bhfuil múinteoirí ranga an scoláire i ndiaidh fianaise a chur ar fáil nach bhfuil an scoláire in ann don fhoghlaim sa churaclam ag Leibhéal 4-5?
7. An bhfuarthas tuairimí agus mianta an scoláire agus a thuismitheoirí/caomhnóirí agus an ndearnadh taifeadadh dóibh sa CTS?
8. Ar thoiligh an scoláire agus a thuismitheoirí/caomhnóirí tabhairt faoin CFL2SS nó CFL1SS?

### Breis eolais agus tacaíochtaí

Cuireann [Samhail Leithdháilte do Mhúinteoirí Oideachais Speisialta: Treoirlínte d'Iar-bhunscoileanna](#) na Roinne Oideachais tuilleadh eolais ar fáil maidir leis an CTS agus sainathint riachtanas

Tá tuilleadh eolais ar an [gContanam Tacaíochta d'Iar-bhunscoileanna](#) ar fáil ón Roinn Oideachais agus ón tSeirbhís Náisiúnta Síceolaíochta Oideachais (NEPS).

Tá eolas ar na Comhaid Tacaíochta Scoláire, measúnú riachtanas agus rochtain ar agus dáileadh acmhainní do riachtanais speisialta oideachais (RSO) ar fáil ón [gComhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta](#).

Tá eolas maidir le forbairt ghairmiúil agus seirbhísí tacaíochta do mhúinteoirí agus ceannairí scoile ar fáil ó [Oide](#).


## Príomhinniúlachtaí sa tsraith shinsearach

Is scáth-théarma é *Príomhinniúlachtaí* ina ndéantar tagairt don eolas, na scileanna, na luachanna agus na meonta a fhorbraíonn an scoláire ar bhealach imeasctha le linn na sraithe sinsearaí.



Fíor 1 Comhpháirteanna na bpríomhinniúlachtaí agus an tionchar a mhianaítear leo.

Tá na scileanna seo nasctha agus measctha le chéile; is féidir leo feabhas a chur ar fhoghlaim fhoriomlán an scoláire; is féidir leo cabhrú leis an scoláire agus leis an múinteoir naisc bhríocha a dhéanamh idir agus thar réimsí éagsúla foghlama; agus tá tábhacht ag baint leo tríd an gcuraclam go léir.



Fíor 2 Comhpháirteanna litearthachtaí agus uimhearthachta sa tSraith Shinsearach

Tá na scileanna seo nasctha agus measctha le chéile; is féidir leo feabhas a chur ar fhoghlaim fhoriomlán an scoláire; is féidir leo cabhrú leis an scoláire agus leis an múinteoir naisc bhríocha a dhéanamh idir agus thar réimsí éagsúla foghlama; agus tá tábhacht ag baint leo tríd an gcuraclam go léir.

Cuireann forbairt litearthachtaí agus uimhearthacht an scoláire le forbairt na n-inniúlachtaí agus an bealach eile thart. Tacaítear leis na príomhinniúlachtaí nuair a bhíonn litearthacht agus uimhearthacht an scoláire forbartha go maith agus nuair is féidir leo dea-úsáid a bhaint as uirlisí éagsúla, lena n-áirítear teicneolaíochtaí, chun tacú lena chuid foghlama.

Cuirtear beocht sna príomhinniúlachtaí trí na heispéiris foghlama agus na hoideolaíochtaí a roghnaíonn an múinteoir agus trí fhreagairtí an scoláire orthu seo. Is féidir agus ba cheart go gcabhrófaí leis an scoláire a chuid príomhinniúlachtaí a fhorbairt, beag beann ar a chúlra, ar a chuid cúinsí ná ar a chuid eispéireas, faoi láthair nó roimhe seo, agus ba cheart go mbeadh neart deiseanna aige a phríomhinniúlachtaí a léiriú. Tá tuilleadh sonraí maidir leis na príomhinniúlachtaí ar fáil ag <https://ncca.ie/en/senior-cycle/senior-cycle-redevelopment/student-key-competencies/>

## Cláir Foghlama Leibhéal 1 agus Leibhéal 2 na Sraithe Sinsearaí: Riachtanais chláir

---

Cuimsíonn CFL1SS agus CFL2SS roinnt réimsí curaclaim, gach ceann acu deartha ar bhonn modúil. Cuirtear sonraíocht ar fáil do gach ceann de na réimsí curaclaim agus do na modúil a bhaineann leo astu féin. I gcás gach ceann de na modúil, tá torthaí foghlama sa tsonraíocht a dhéanann cur síos ar an eolas, na scileanna, na luachanna agus na meonta ba chearta a bheith ar chumas an scoláire i ndiaidh dó an modúl a chur i gcrích. Tá eolas i ngach sonraíocht freisin a thacaíonn le measúnú na dtorthaí foghlama.<sup>1</sup>

Bíodh is go gcuirtear na réimsí curaclaim agus modúil i láthair mar aonaid astu féin, tá sé beartaithe go gcomhtháthófar agus go bhforbrófar iad i réimse leathan comhthéacsanna foghlama agus iad in úsáid i gcláir foghlama. Is gné lárnach den fhás pearsanta é feacht an scoláire a chothú i ndáil leis na ceangail idir a bhfuil sé ag fáil taithí air agus ag foghlaim i réimse amháin curaclaim agus réimse curaclaim nó i modúl eile, agus cuireann sé go mór leis an gcuspóir atá uainn ag deireadh thiar: tacú leis an bhfoghlaim ar feadh an tsaoil agus leis an maireachtáil neamhspleách aosachta.

### Cláir Foghlama Leibhéal 1 na Sraithe Sinsearaí

Leagann cláir Leibhéal 1 béim sa tsraith shóisearach and sa tsraith shinsearach, go mbeidh an fhoghlaim don scoláire atá i gceist:

- ag díriú ar scileanna cumarsáide, cognaíocha, saoil agus feidhmeacha an scoláire mar aon le riachtanais chéadfa a bheidh mar bhuntaca le foghlaim amach anseo
- bríoch agus suimiúil dó, ag cur deiseanna ar fáil dó le tógáil ar an méid ar féidir leis a dhéanamh agus ag tacú lena réimse/réimsí sainaitheanta riachtanais
- pleanáilte trí chur chuige iomlánaíoch agus ag cuimsiú na mbealaí céadfacha agus foghlama is fearr leis an scoláire agus an bealach is fearr leis eolas a phróiseáil.

Tá sé réimse curaclaim ag croílár CFL1SS. Deartar na réimsí curaclaim seo ar bhonn modúil agus sainaitheann agus forbraíonn siad go soiléir na príomhréimsí foghlama a theastaíonn le tacaíocht a chur ar fáil don scoláire le linn a ama ar scoil agus sa bhaile, le linn dó a bheith rannpháirteach ina phobal agus chun é a ullmhú dá shaol amach anseo.

Agus CFL1SS á dhearadh do scoláire, ba chearta do mhúinteoirí agus do bhainistíocht na scoile a chinntiú go gcuirtear modúil i ngach ceann de na sé réimse curaclaim ar fáil. Laistigh de na modúil, ba

---

<sup>1</sup> Tabharfar eolas maidir le measúnú na dtorthaí foghlama sa tsonraíocht ábhartha. Déanfar é a fhorbairt i gcomhar le múinteoirí le linn céim thosaigh gach réimse curaclaim/modúil.

cheart do mhúinteoirí a chinntiú go dtógann na torthaí foghlama a thugann an scoláire aghaidh orthu ar a láidreachtaí agus spéiseanna, agus go dtacaíonn siad lena réimsí sainaitheanta riachtanais. Ní bheidh gach toradh foghlama oiriúnach nó indéanta do gach scoláire. Is féidir leis an scoláire aghaidh a thabhairt ar na torthaí foghlama ag leibhéal agus luas a thagann lena chumas agus lena riachtanais shainaitheanta. Cé go bhféadfadh sé tarlú nach gcuirfeadh an scoláire toradh foghlama faoi leith i gcrích nó nach mbainfeadh sé amach é, ba cheart spreagadh agus tacaíocht a thabhairt dó fós le dul chun cinn de réir a chéile a dhéanamh i ngach modúl.

Deartar gach modúl agus tuairim is 40-60 uair an chloig teagaisc/teagmhála ranga i gceist. Mar sin féin, ní sainordú é seo ós rud é gurb iad na scoileanna is fearr is féidir an leithdháileadh ama is cuí in aghaidh an mhodúil a bheartú, bunaithe ar riachtanais an scoláire agus ar chomhthéacs a scoile féin. Sa tábla thíos tugtar breac-chuntas ar na sé réimse curaclaim atá i gcroílár CFL1SS.

Tábla 1: Struchtúr Chlár Foghlama Leibhéal 1 sa tSraith Shinsearach

Réimse curaclaim	Líon na Modúl	Uaireanta an chloig molta in aghaidh an mhodúil	Uaireanta an chloig molta thar dhá bhliain
Uimhearthacht	5	40	200
Cumarsáid agus Litearthacht	3	60	180
Cúram pearsanta	3	60	180
A bheith rannpháirteach i bpobal	3	60	180
Ceol agus na hEalaíona	1	60	60
A Bheith Gníomhach	1	60	60

Cuirtear an fhoghlaim in OSPS agus sa Chorpoideachas ar fáil don scoláire trí na réimsí curaclaim Cúram Pearsanta agus A Bheith Gníomhach.

## Clár Foghlama Leibhéal 2 na Sraithe Sinsearaí

Tá sé réimse curaclaim ag croílár CFL2SS. Agus CFL2SS á dhearadh do scoláire, ba cheart do mhúinteoirí agus do bhainistíocht na scoile a chinntiú go gcuirtear modúl i ngach ceann de na sé réimse curaclaim ar fáil. Sa tábla thíos tugtar breac-chuntas ar na sé réimse curaclaim atá in CFL2SS.

Tábla 1: Struchtúr Chlár Foghlama Leibhéal 2 sa tSraith Shinsearach

Réimse curaclaim	Líon na Modúl	Uaireanta an chloig molta in aghaidh an mhodúil	Uaireanta an chloig molta thar dhá bhliain
Uimhearthacht	4	60	240
Cumarsáid agus Litearthacht	4	60	240

Mo Shaol, M'Airgeadas	2	60	120
Cúram Pearsanta	1	60	60
Ullmhúchán don saol tar éis na scoile	2	60	120
Sruthanna Roghnacha	3	60	180

Maidir le sruthanna roghnacha, áirítear i measc na roghanna:

- Scileanna TF
- Cócaireacht
- Ceol
- Drámaíocht
- Ealaín
- Litearthacht dhigiteach
- Litríocht
- Maireachtáil Ghníomhach
- Aire a thabhairt do mo thimpeallacht
- Dearadh don inbhuanaitheacht
- Sainspéis.

Deartar gach modúl agus tuairim is 60 uair an chloig teagaisc/ teagmhála ranga i gceist. Mar sin féin, ní sainordú é seo ós rud é gurb iad na scoileanna is fearr is féidir an leithdháileadh ama is cuí in aghaidh an mhodúil a bheartú, bunaithe ar riachtanais an scoláire agus ar chomhthéacs a scoile féin.

Cuirtear an fhoghlaim in OSPS ar fáil tríd an modúl ar Chúram Pearsanta agus trí shonraíocht OSPS na Sraithe Sinsearaí. Cuirfear tuilleadh eolais ar fáil nuair a bheidh an obair ar churaclam OSPS na Sraithe Sinsearaí curtha i gcrích. Is féidir an Corpoideachas a chur ar fáil tríd an modúl ar Mhaireachtáil Ghníomhach nó trí Chreat Corpoideachais na Sraithe Sinsearaí. Is féidir le scoileanna clár ar leith oideachais reiligiúin a thagann lena n-éiteas a chur ar fáil freisin.

## Pleanáil do na Cláir Foghlama

### Ceannaireacht agus bainistíocht


Dearadh CFL1SS agus CFL2SS le tuiscint i leith an réimse comhthéacsanna scoile a bhféadfadh an scoláire a bheith ag freastal orthu - iar-bhunscoil phríomhshrutha, rang speisialta i scoil phríomhshrutha nó scoil speisialta. Is féidir leis an mbainistíocht shinsearach i scoileanna tacú le forbairt iomlánaíoch an scoláire trí réimse leathan deiseanna curaclaim, comhchuraclaim agus seach-churaclaim a chur ar fáil don scoláire.

Tacaítear le cur i bhfeidhm Chláir Leibhéal 1 agus Leibhéal 2 na Sraithe Sinsearaí:

- nuair a bhíonn tiomantas agus tacaíocht ghníomhach ann ón bpobal uile-scoile
- trí chumarsáid éifeachtach idir lucht bainistíochta, an fhoireann, tuismitheoirí/caomhnóirí, scoláirí agus gairmithe eile i dtaca le cúrsaí a bhaineann leis na cláir
- nuair a chuirtear foghlaim ghairmiúil múinteoirí chun cinn
- trí dheiseanna chur chun cinn le haghaidh comhoibriú agus rannpháirtíocht leis an bpobal áitiúil.

### Ag Eagrú na gClár Foghlama

Ós rud go bhfuil na cláir foghlama sainoiriúnaithe, ba cheart go mbainfeadh an clár leis an scoláire féin. Ba cheart buanna agus riachtanais an scoláire a shainiú i gcomhairle le tuismitheoirí/caomhnóirí, múinteoirí agus leis an scoláire féin, más féidir. Le cabhrú le clár foghlama an scoláire a phleanáil, tugtar scéimre i bhFíor 4 ina léirítear gnéithe éagsúla an chláir foghlama.



Fíor 4; Scéimre maidir le clár foghlama na sraithe sinsearaí a phleanáil

Barr air sin, cabhróidh na céimeanna seo a leanas le scoileanna agus clár foghlama á phleanáil acu do scoláire atá ag tabhairt faoi CF Leibhéal 1 agus Leibhéal 2 sa tsraith shinsearach:

- Bonnline don fhoghlaim a bhunú trína bhfuil foghlamtha ag an scoláire cheana féin a shainaitint. Is gá réamhfhoghlaim an scoláire, mar aon lena spéiseanna faoi leith, eolas ar an CTS, agus uaimhianta don todhchaí, lena n-áirítear aistrithe i ndiaidh na scoile, a chur san áireamh ag an gcéim seo.
- Sainaitin agus roghnaigh an fhoghlaim is oiriúnaí don scoláire laistigh de gach réimse curaclaim agus modúl agus cuimhnigh ar dheiseanna chun príomhinniúlachtaí a fhorbairt sna modúil seo.
- Roghnaigh an suíomh foghlama is oiriúnaí don scoláire. Ba cheart go mbeadh machnamh cúramach ar réimse ábhar agus modúl sceidealaithe na hArdteistiméireachta Bunaithe agus na hArdteistiméireachta Feidhmí mar chuid de seo, chomh maith le machnamh ar ghníomhaíochtaí eile scoile agus lasmuigh den scoil, a d'fhéadfadh eispéiris éagsúla a chur ar fáil trínar féidir leis an scoláire torthaí foghlama a gclár foghlama T1 nó T2 a chur i gcrích.

Deartar gach clár ar bhonn modúil le tacú le comhtháthú le, agus cur i bhfeidhm laistigh de, struchtúir agus comhthéacsanna scoile atá ann cheana féin, a oiread agus is féidir. Spreagtar ceangail thraschuraclaim thar chlár foghlama an scoláire freisin. Maidir le clár Leibhéal 1 nó Leibhéal 2 a sceidealú do scoláire sa tsraith shinsearach in iar-bhunscoil phríomhshrutha, samhlaítear gur féidir tacú le formhór d'fhoghlaim an scoláire, nuair is cuí don scoláire, laistigh de ranganna ábhair.

Ba cheart do scoileanna cuimhneamh ar mheascán de chuir chuige sceidealaithe chun an oiread solúbthachta agus is féidir agus an úsáid is éifeachtaí agus éifeachtúla acmhainní laistigh dá gcomhthéacs féin a chinntiú. Cé gur féidir leis an scoláire tabhairt faoina chlár sraithe sinsearaí in éineacht le scoláirí atá ag tabhairt faoi churaclam ag leibhéal eile, tagann foghlaim an scoláire seo lena chumas féin. Cé go bhfuil comhoibriú agus comhairliúchán leis an múinteoir ranga riachtanach, ba cheart go mbainfeadh an teagasc oideachais speisialta (TOS), a oiread agus is féidir, le dul i ngleic leis an mbac faoi leith atá idir an scoláire agus a fhoghlaim agus lena riachtanais shainaitheanta.

Ní ann do chur chuige faoi leith don sceidealú a fhreastalóidh ar gach comhthéacs. Spreagtar neamhspleáchas scoile mar go mbíonn cohórt uathúil scoláirí i ngach scoil a bhfuil a gcuid láidreachtaí agus riachtanas faoi leith acu. D'fhéadfadh riachtanais fhisiciúla, leighis agus chognaíocha a bheith ag an scoláire. Más amhlaidh an cás, is gá tús áite a thabhairt do na riachtanais sin agus clár foghlama an scoláire á phleanáil ag an scoil. Bíonn ceisteanna eile amhláir is gá a chur san áireamh, mar shampla, Oideachas Sóisialta, Pearsanta agus Sláinte (OSPS), Corpoideachas (CO) agus Oideachas Reiligiúin (de réir mar is cuí).

Féadfaidh sé tarlú nach féidir roinnt modúl sa CFL1SS agus CFL2SS a chur i gcrích thar aon bhliain amháin, agus sa chás sin, féadfar an modúl a shíneadh thar dhá bhliain.

Is gné thábhachtach de CFL2SS í an taithí oibre mar go dtacaíonn sí le roinnt scoláirí agus iad ar a gconairí dul chun cinn i ndiaidh na sraithe sinsearaí. Spreagtar an scoláire le tabhairt faoin taithí oibre ach baineann an tairbhe is mó léi nuair a bhíonn sí oiriúnach agus fiúntach do riachtanais, spéiseanna agus mianta an scoláire.



## Teagasc agus Foghlaim

Ba cheart deiseanna a thabhairt don scoláire léiriú a thabhairt ar an gcaoi ar féidir an fhoghlaim i modúil a nascadh leis an réamhfhoghlaim, agus le modúil eile, ar mhaithe leis an bhfoghlaim ar fad a neartú agus a chur chun cinn. É sin ráite, d'fhéadfadh leibhéil éagsúla scaflála a bheith ag teastáil ó na deiseanna seo ós rud é go mbraithfidh rannpháirteachas gach scoláire ar an ngníomhaíocht agus ar na scileanna faoi leith sóisialta, cumarsáide agus cognaíocha atá aige.

Is cuid dhílis den teagasc agus den fhoghlaim é an measúnú leanúnach. Agus pleanáil don teagasc agus foghlaim ar bun, ba cheart do gach múinteoir réamheolas agus tuiscint an scoláire ar an modúl a oibriú amach agus na torthaí foghlama ba cheart don scoláire a bhaint amach chomh maith leis na cuir chuige a chumasóidh an scoláire le dul chun cinn ina fhoghlaim a shainaithe. Is féidir le measúnú leanúnach cabhrú leis an múinteoir tuiscint a fháil ar cé chomh maith is a dhéanann an scoláire dul chun cinn ina fhoghlaim.

Beidh rannpháirtíocht le gníomhaíochtaí foghlama a dearadh le toradh/torthaí foghlama a bhaint amach éagsúil ó scoláire amháin go scoláire eile. Ar dtús, b'fhéidir nach bhfreagróidh roinnt scoláirí, ach tríd an scafláil, mionathrú, agus in amanna, an athdhéanamh, is féidir tacú leis an scoláire a fhreagairt ar na gníomhaíochtaí foghlama a fheabhsú. Is féidir le dul chun cinn a bheith casta agus ní bhíonn sé líneach i gcónaí. D'fhéadfadh freagairtí éagsúla a bheith ag an scoláire i gcomhthéacsanna éagsúla agus ag amanna éagsúla. Má tá scoláire ag tabhairt faoi chlár Leibhéal 1, d'fhéadfadh sé a bheith réambhriathartha, agus d'fhéadfadh sé a shúile, guthaíocht, gothaí nó tacaíochtaí amhairc a úsáid le cumarsáid a dhéanamh. Beidh an CTS an-ábhartha ar fad don scoláire anseo mar go mbeidh breac-chuntas sa CTS maidir le scileanna sóisialta, cumarsáide agus cognaíocha an scoláire. Barr air sin, d'fhéadfadh na spriocanna sa CTS a bheith inbhainte amach tríd an gclár foghlama agus trí ghníomhaíochtaí laethúla na scoile.

Is féidir le gníomhaíochtaí agus tascanna seomra ranga a bhaineann le heispéiris fíorshaoil agus/nó a tharraingíonn ar léirithe praiticiúla fisiciúla de chásanna fíorshaoil tuiscint agus foghlaim an scoláire a spreagadh, a chur chun cinn agus a athneartú. Moltar freisin úsáid a bhaint as láimhseoga praiticiúla, ábhair agus rólímirt, nuair is cuí.

Is féidir leis an múinteoir an seomra ranga, an timpeallacht uilescoile, áit chónaithe an scoláire agus an pobal i gcoitinne a úsáid mar shuíomhanna teagaisc, foghlama agus measúnaithe.

I measc gnéithe eile nach mór breis machnaimh a dhéanamh orthu agus pleanáil ar bun don teagasc agus foghlaim, tá:

- Deiseanna le díriú ar thuiscint an scoláire i leith an domhain thart timpeall air a shainaithe, lena n-áirítear scileanna sóisialta, cumarsáide agus saoil.
- Is féidir tacaíocht sa bhreis a thabhairt d'fhoghlaim an scoláire trí dheiseanna a chur ar fáil dó an teicneolaíocht dhigiteach a úsáid.
- Deiseanna maidir le réimsí agus spéiseanna a chuimsiú a spreagann an scoláire le foghlaim a shainaithe.
- Is féidir cur le foghlaim an scoláire trí dheiseanna a chur ar fáil dó an teicneolaíocht dhigiteach a úsáid.

## Contanam dul chun cinn do mheasúnú leanúnach

Deartar na modúil agus torthaí foghlama sa CFL1SS agus sa CFL2SS sa chaoi is gur féidir le gach scoláire dul chun cinn a dhéanamh ina chuid idirghníomhuithe sóisialta, ina idirghníomhuithe cumarsáideacha agus ina scileanna cognaíocha ar bhealach a thagann lena chumas féin.

Bíonn sé cabhrach cuimhneamh gur ar chontanam a bhíonn foghlaim an scoláire, go dtarlaíonn sé thar am agus go mbíonn níos mó ná imeacht eipeasóideach i gceist leis. Chun tacú leis an múinteoir agus é ag iarraidh fáil amach má tá dul chun cinn á dhéanamh ag an scoláire thar na modúil agus na torthaí foghlama agus cé chomh mór is atá an dul chun cinn sin, cuirtear an contanam dul chun cinn ar fáil don mhúinteoir. D'fhéadfadh gluaiseacht laistigh den chontanam dul chun cinn níos mó ama a ghlacadh agus d'fhéadfadh an dul chun cinn a bheith níos athraithe, ag brath ar láidreachtaí agus riachtanais an scoláire. Le dul chun cinn ag rátaí éagsúla a chur san áireamh, níor cheart a bheith ag súil leis go mbainfeadh an scoláire cuspóirí faoi leith amach faoi pointe ama réamhshocraithe.

Léiríonn táblaí an chontanaim dul chun cinn (féach Tábla 4 do Leibhéal 1 agus Tábla 5 do Leibhéal 2) áit dhul chun cinn an scoláire i dtaca leis na torthaí foghlama. Is féidir an contanam dul chun cinn a úsáid le tacú leis an teagasc, foghlaim agus measúnú leanúnach i ngníomhaíochtaí laethúla an scoláire.

### Leibhéal 1 An Contanam Dul chun Cinn

Tabhair aird ar	Freastalaíonn an scoláire ar agus bíonn sé i láthair ag an ngníomhaíocht nó imeacht.
Cuir i bhfeidhm	Léiríonn an scoláire go bhfuil feasacht aige ar nó go n-aithníonn sé gníomhaíocht/imeacht, lena n-áirítear aird a dhíriú go tapa.
Aird	Tugann an scoláire aird neamhleanúnach, agus gairid go minic, ar an ngníomhaíocht/imeacht.
Aithint	Tosaíonn an scoláire ag freagairt do, nó ag aithint, na gníomhaíochta/an imeachta, ar bhonn neamhleanúnach go minic, agus tagann an fhreagairt le cumas an scoláire.
Rannpháirtíocht	Tugann an scoláire aird ar ghníomhaíochtaí/imeachtaí ar bhonn níos leanúnaí.
Rannpháirtíocht	Tosaíonn an scoláire ag roinnt, ag glacadh sealanna, ag léiriú sásaimh sa ghníomhaíocht/imeacht, ag cur rogha in iúl.
Dúil	Tosaíonn an scoláire ag dúil le gníomhaíochtaí/imeachtaí a bhfuil taithí aige orthu.
Gníomh	Glacann an scoláire páirt, déanann sé comharthaí, déanann sé guthaíocht i dtaca leis an ngníomhaíocht agus eile, ar bhealach atá cuí maidir le bealach cumarsáide an scoláire.

Tábla 4: Contanam dul chun cinn CFL1SS

D'fhéadfadh an scoláire dul chun cinn a léiriú trí:

- leibhéal níos airde taitnimh a bhaint as an ngníomhaíocht
- úsáid níos mó a bhaint as na céadfaí; ó chéadfaí atá in aice láimhe, ar nós na gcéadfaí tadhlaí, go céadfaí níos faide amach amhail na céadfaí amhairc nó éisteachta
- ó ghluaiseacht, mar shampla, comharthaíocht choirp, a úsáid níos mó go húsáid a bhaint as íomhánna.

Is féidir dul chun cinn a léiriú trí ghluaiseacht freisin. Is féidir leis an scoláire dul chun cinn a dhéanamh ó chur i gcoinne a léiriú trí ghluaiseacht go sult a bhaint as a chuid idirghníomhuithe, amhail:

- laghdú ar idirghabháil, tacaíocht nó treisiú
- nuair a léiríonn an scoláire gnóthachtáil níos mó ná uair amháin
- nuair a chumascann an scoláire scileanna nó nuair a úsáideann sé scileanna thar chomhthéacsanna
- nuair a bheartaíonn an scoláire gan freagairt a thabhairt, cé go ndearnadh sé roimhe é, is comhartha ann féin é sin den dul chun cinn.

## Leibhéal 2 An Contanam Dul chun Cinn

Rannpháirtíocht	Tá an scoláire ag céim shealbhaite ina bhfuil sé ag tosú ar rannpháirtíocht a léiriú leis an toradh foghlama.
Ardannpháirtíocht	Trí athdhéanamh agus tacaíocht, is féidir leis an scoláire an toradh foghlama a chur i gcrích.
Cumas	Is féidir leis an scoláire an toradh foghlama a bhaint amach go neamhspleách roinnt uaireanta.
Ardchumas	Coimeádann an scoláire a leibhéal gnóthachtála leis an toradh foghlama. Is féidir leis an toradh foghlama a bhaint amach fiú i ndiaidh sosa nó athraithe. Tá máistreacht aige ar an toradh foghlama.
Inniúlacht	Is féidir leis an scoláire a chuid foghlama a chur i bhfeidhm i gcomhthéacsanna agus cásanna éagsúla, le spreagthaí agus daoine éagsúla.
Ardinniúlacht	Cuirfidh an scoláire an fhoghlaim a thagann ó thoradh foghlama in oiriúint le tuiscint a fhorbairt nó fadhbanna a réiteach i gcomhthéacsanna agus cásanna nua.

Tábla 5: Contanam dul chun cinn CFL2SS

## Cumarsáid le tuismitheoirí agus caomhnóirí

Is príomhpháirtithe iad tuismitheoirí/caomhnóirí ó thaobh tacú le scoláire tabhairt faoina chlár foghlama go rathúil. Mar sin de, tá sé tábhachtach a chinntiú go bhfuil baint dhíreach ag na tuismitheoirí/caomhnóirí agus ag an scoláire sa phróiseas cinnteoireachta maidir le scoláire ag tabhairt faoi CFL1SS nó CFL2SS.

Nuair a chinntear go mbeidh scoláire ag tabhairt faoi CFL1SS nó CFL2SS, tá sé chomh tábhachtach céanna caidrimh thairbheacha a bhunú agus a choimeád le tuismitheoirí/caomhnóirí mar bhealach chun tacú le foghlaim agus folláine an scoláire.

Tá sé tábhachtach freisin deiseanna a chur ar fáil do thuismitheoirí/caomhnóirí agus don scoláire aiseolas a thabhairt ar thorthaí foghlama a bhaintear amach sa bhaile nó sa phobal lena chairde agus teaghlach mar nach mbíonn an fhoghlaim teoranta don seomra ranga amháin.

## Leanúnachas, dul chun cinn agus conairí

Ba cheart don dul chun cinn agus do na conairí bheith uathúil do gach scoláire atá ag tabhairt faoi chlár Leibhéal 1 nó Leibhéal 2 na sraithe sinsearaí. Cothaíodh comhleanúnachas idir clár Leibhéal 1 agus

Leibhéal 2 na sraithe sinsearaí agus CFL1anna agus CFL2anna na sraithe sóisearaí trí dhearadh na réimsí curaclaim agus na modúl.

Agus an scoláire ag tabhairt faoin tsraith shinsearach, ba cheart do scoileanna a chinntiú go bhfuil conair faoi leith an scoláire á pleanáil acu i gcomhar leis an scoláire, tuismitheoirí/caomhnóirí agus múinteoirí. Agus an scoláire ag leanúint ar aghaidh go dtí an saol i ndiaidh na scoile, d'fhéadfadh sé dul ag obair, tabhairt faoin mbreisoideachas agus breisoiliúint nó leanúint go suíomh iar-scoile eile.

## Measúnú

---

Baineann measúnú sa tsraith shinsearach le faisnéis faoi phróisis agus faoi thorthaí foghlama a bhailiú, a léirmhíniú, a úsáid agus a thuairisciú. Tá foirmeacha éagsúla measúnaithe ann agus úsáidtear é ar chúiseanna difriúla. Baintear úsáid as chun teacht ar an gconaire chuí don scoláire trí churaclam idirdhealaithe, chun sainréimsí láidreachta nó deacrachta scoláire áirithe a shainaithint agus chun gnóthachtáil a thástáil agus a theistiú. Is tacaíocht don fhoghlaim é an measúnú agus cuireann sé chun feabhais í trí chabhrú leis an scoláire agus leis an múinteoir na chéad chéimeanna eile sa phróiseas teagaisc agus foghlama a shainaithint.

Is cineál dinimiciúil measúnaithe é measúnú i Leibhéal 1 agus Leibhéal 2 chlár foghlama na sraithe sinsearaí agus cuirtear i láthair é ar bhealach atá pearsanta don scoláire. Léireoidh an measúnú fírinne shaol laethúil an scoláire. Beidh meascán de mheasúnú foirmitheach agus suimitheach i gceist leis. Síltear gur foinsí d'fhaisnéis bharántúil, ríthábhachtach agus luachmhar iad an baile agus an pobal.

### Measúnú don teistiúchán

Baileofar an fhianaise ar fad den fhoghlaim do chlár Leibhéal 1 agus Leibhéal 2 na sraithe sinsearaí i bpunann, rud a chuirfeadh i láthair do mheasúnú don teistiúchán. Beidh an fhoghlaim a aithnítear ar an teastas ag Leibhéal 1 agus/nó Leibhéal 2 den Chreat Náisiúnta Cáilíochtaí (NFQ). Léireofar na modúil ar fad a chuir an scoláire i gcrích ar an teastas.

Is ionann na Critéir Mheasúnaithe agus na critéir trína ndéantar measúnú ar obair an scoláire. Leagtar amach iontu na rudaí ba chearta a áireamh agus a chur in iúl san fhianaise lena léiriú gur éirigh leis an scoláire an toradh/na torthaí foghlama ábhartha a bhaint amach.

### Ag bailiú fianaise don mheasúnú don teistiúchán

Is féidir fianaise ar an bhfoghlaim a chothú trí raon leathan modhanna measúnaithe agus i réimse foirmeacha. Uaireanta is féidir le duine eile seachas an múinteoir fianaise ar an bhfoghlaim a ghabháil, go háirithe nuair a léirítear an fhianaise ar fhoghlaim an scoláire taobh amuigh den seomra ranga. D'fhéadfaí tuismitheoir/caomhnóir, teiripeoir, cúntóir riachtanas speisialta nó gairmí eile a oibríonn leis an scoláire a áireamh anseo. Ba cheart fianaise ar an bhfoghlaim a breathnaíodh a chur ar aghaidh chuig an múinteoir.

D'fhéadfadh an scoláire an fhoghlaim a léiriú ar scoil, sa chlós scoile, ar thuras scoile nó le linn gníomhaíochta scoile, nó ina phobal nó sa bhaile. Trí úsáid a bhaint as na Critéir Mheasúnaithe, beidh an múinteoir ábalta dul chun cinn an scoláire ó thaobh na dtorthaí foghlama de a mheas.

### Punann an Scoláire

Baileofar fianaise ar fhoghlaim agus gnóthachtáil an scoláire ar bhonn leanúnach chun punann an scoláire a chruthú. Is féidir le punann a bheith ann mar chóip chrua agus/nó go leictreonach. Bailiúchán d'obair an scoláire is ea punann leictreonach, ar a dtugtar r-phunann nó punann dhigiteach freisin, a chruthaítear le próiseáil focal agus cur i láthair ilmheán eile.

Cuireann punanna fianaise nithiúil ar fáil don scoláire maidir lena dhul chun cinn agus gnóthachtáil agus tugann siad an deis don mhúinteoir agus don scoláire próifíl chuimsitheach a fhorbairt a léiríonn gnóthachtálacha an scoláire sa tsraith shinsearach. Síltear gur rogha éifeachtúil agus inrochtana iad punanna digiteacha inar féidir le gach scoláire agus ball foirne eolas maidir leis an scoláire a ionchur ar bhonn leanúnach. Bheadh sé úsáideach rochtain a thabhairt do thuismitheoirí/chaomhnóirí ar an bpunann.

D'fhéadfadh fianaise a bheith sa phunann ar fhoghlaim scoláire a tharla agus é ina aonair, i ngrúpa nó i suíomh ranga uile. Is féidir le fianaise laistigh de phunann réimse gnóthachtálacha a chlúdach, lena n-áirítear tascanna praiticiúla, léirithe scileanna agus gnóthachtálacha i socrúchán oibre.

Áirítear na nithe seo a leanas le fianaise laistigh de phunann, ach níl sé teoranta dóibh:

- Grianghraif d'obair atá curtha i gcrích ag an scoláire
- Grianghraif nó físeáin de chaidrimh le múinteoirí, cúntóirí riachtanas speisialta, piaraí, tuismitheoirí nó baill an phobail
- Samplaí oibre - obair scríofa
- Obair thionscadail scríofa agus ar líne
- Obair bhaile
- Cairteacha, léaráidí
- Taifeadtaí fuaime nó físe
- Gnéithe ilmheán eile
- Iontráil dialainne ón múinteoir.

Seans go bhfuil an scoláire i ndiaidh an cleachtas a bhaineann le tiomsú punainne a fhorbairt cheana féin mar chuid dá chlár sraithe sóisearaí. Is taifeadadh d'obair an scoláire a dtagann forbairt air í an phunann agus cumasóidh sí an múinteoir le dul chun cinn a rianú. Is féidir leanúint le dea-chleachtais a bhunaítear sa tsraith shóisearach maidir le fianaise a bhailiú go dtí an tsraith shinsearach.

## Gnóthachtáil a chúiteamh

---

I ndiaidh dó an clár a chríochnú, gheobhaidh an scoláire teastas/tuairisc<sup>2</sup> ina ndéantar taifeadadh ar a gnóthachtálacha le linn Chlár Foghlama Leibhéal 1 nó Leibhéal 2 na Sraithe Sinsearaí. Tá 16 mhodúl i gceist leis an dámhachtain seo. Bronnfar teastas ar scoláire ar bith a chuireann 16 mhodúl i gcrích go rathúil. Teastas ag Leibhéal 1 nó Leibhéal 2 den Chreat Náisiúnta Cáilíochtaí (CNC) a bhíonn i gceist. Is gá gach modúl a chur i gcrích agus a theastasú as féin. Tugann sé seo deis don scoláire forbairt ar a mhodúil agus obair i dtreo teastasaithe. Tá sé tábhachtach a lua gurb ionann cur i gcrích gach modúil agus gnóthachtáil.

### Critéir Mheasúnaithe

Is ionann na Critéir Mheasúnaithe agus na critéir trína ndéantar measúnú ar obair an scoláire. Baineann an múinteoir úsáid as na Critéir Mheasúnaithe, a leagtar amach sa tsonraíocht ábhartha do gach réimse curaclaim/modúl, le cinneadh a dhéanamh maidir le tuairisceoir na gnóthachtála.<sup>3</sup>

Agus na Critéir Mheasúnaithe á n-úsáid ag an múinteoir le leibhéal gnóthachtála an scoláire i modúl a mheas, úsáideann sé breithiúnas 'ar an iomlán'. Ba cheart don mhúinteoir na Critéir Mheasúnaithe a léamh go dtí go dtagann sé ar chritéar is fearr a dhéanann cur síos ar fhianaise ar fhoghlaim an scoláire sa mhodúl atá á mheas chun críche teastasaithe sraithe sinsearaí. Cé gur cheart a thabhairt faoi deara nach dtugann aon cheann de na critéir gnóthachtáil gan locht le fios, ba cheart go mbeadh fianaise ar an obair don teastasú an-ghar do na critéir don tuairisceoir gnóthachtála sin sna Critéir Mheasúnaithe. Nuair nach bhfuil sé an-soiléir cén critéar is ceart a úsáid, ní mór don mhúinteoir breithiúnas a dhéanamh de réir na fianaise ó shaothar an scoláire le teacht ar an gcritéar is fearr a oireann do shaothar an scoláire ar an iomlán. Cuireann cur chuige 'an rogha is oiriúnaí' ar chumas an mhúinteora an critéar is fearr a dhéanann cur síos 'ar an iomlán' ar an saothar atá á mheas a roghnú..

Bíonn measúnú a úsáideann na Critéir Mheasúnaithe cosúil leis an measúnú leanúnach a tharlaíonn gach lá sa seomra ranga agus, cé gur chun críche teistiúcháin a dhéantar é, is féidir breathnú air agus é a úsáid mar chuid den teagasc agus foghlaim sa tsraith shinsearach, agus chun críche measúnaithe sraithe sinsearaí freisin.

---

<sup>2</sup> Tá teideal an teastais/na tuairisce le deimhniú.

<sup>3</sup> Forbrófar na Critéir Mheasúnaithe do gach réimse curaclaim/modúl i gcomhar leis na múinteoirí agus áirítear iad sna sonraíochtaí do na réimsí curaclaim/modúil.

## Tuairisceoirí Gnóthachtála

Tá trí thuairisceoir fhéideartha gnóthachtála ag Leibhéal 1 agus ag Leibhéal 2 na sraithe sinsearaí is féidir a bhronnadh ar an scoláire.

### Leibhéal 1

Bronnfar teastas i gClár Foghlama Leibhéal 1 na Sraithe Sinsearaí ar an scoláire ag trí thuairisceoir fhéideartha do gach ceann de na modúil a d'éirigh leis a chur i gcrích.

Tuairisceoirí gnóthachtála	
Gnóthaithe	Léirigh an scoláire aird agus cumas freastal ar an bhfoghlaim a ndéantar cur síos uirthi sa mhodúl seo
Gnóthaithe le Cumas	Léirigh an scoláire aithint, rannpháirteachas agus rannpháirtíocht leis an bhfoghlaim sa mhodúl seo
Gnóthaithe le Gradam	Léirigh an scoláire go raibh sé ag súil leis an bhfoghlaim sa mhodúl seo agus gur ghníomhaigh sé léi

Tábla 7: Tuairisceoirí gnóthachtála CFL1SS

### Leibhéal 2

Bronnfar teastas i gClár Foghlama Leibhéal 2 na Sraithe Sinsearaí ar an scoláire ag trí thuairisceoir fhéideartha do gach ceann de na modúil a d'éirigh leis a chur i gcrích.

Tuairisceoirí gnóthachtála	
Gnóthaithe	Léirigh an scoláire rannpháirteachas leis an bhfoghlaim a ndéantar cur síos uirthi sa mhodúl seo
Gnóthaithe le Cumas	Léirigh an scoláire cumas san fhoghlaim a ndéantar cur síos uirthi sa mhodúl seo
Gnóthaithe le Gradam	Léirigh an scoláire inniúlacht agus ardinniúlacht san fhoghlaim a ndéantar cur síos uirthi sa mhodúl seo

Tábla 8: Tuairisceoirí gnóthachtála CFL2SS



## Athbhreithniú ar mheasúnú agus foghlaim

---

Cuirfear bearta dearbhaithe cáilíochta i bhfeidhm trí bhailíochtú inmheánach agus seachtrach.

### Bailíochtú inmheánach

Is bealach iad cruinnithe maidir le hathbhreithniú ar mheasúnú le bailíochtú inmheánach a dhéanamh. Cuireann siad ar chumas múinteoirí comhsheasmhacht a bhaint amach i gcomhar lena chéile ina mbreithiúnais ar obair scoláirí bunaithe ar chritéir mheasúnaithe. Tá an próiseas athbhreithnithe dírithe ar mhúinteoirí ag plé obair na scoláirí ag cruinnithe struchtúrtha. Beidh ról tábhachtach ag an gcur chuige comhoibríoch ó thaobh cabhrú le múinteoirí tuiscint a fhorbairt ar chaighdeán agus ar ionchais trí chur ar a gcumas machnamh a dhéanamh ar an bhfianaise d'obair na scoláirí agus chun na straitéisí foghlama agus teagaisc a thacaíonn leis an obair sin a chomhroinnt. Is iad seo a leanas cuspóirí an phróisis athbhreithnithe:

- comhsheasmhacht níos fearr i mbreithiúnas múinteoirí
- ailíniú níos fearr idir breithiúnais agus caighdeán a bhfuiltear ag súil leo
- agus a dheimhniú do thuismitheoirí/chaomhnóirí agus do dhaoine eile go bhfuil an scoláire ag fáil aitheantas iomchuí dá chuid éachtaí ar aon dul le caighdeán agus le hionchais.

Cuirfear tuilleadh eolais maidir le tacaíochtaí don phróiseas bailíochtaithe inmheánaigh ar fáil le linn chur i bhfeidhm na gClár Foghlama.

### Bailíochtú seachtrach

Moltar go gcuirfear córas seachtrach bailíochtaithe ar fáil do scoileanna, córas atá riachtanach le caighdeán agus ionracas na bpróiseas measúnaithe chun críche teastasaithe a chinntiú. Ról na gníomhaireachta ainmnithe a bheidh ann athbhreithniú a dhéanamh ar an tuairisc inmheánach bhailíochtaithe le cinntiú gur tugadh faoin measúnú ar bhealach atá dearbhaithe ó thaobh na cáilíochta de, le hathbhreithniú a dhéanamh ar mheasúnuithe agus punanna na scoláirí le cinntiú go ndearnadh iad a mheasúnú ar bhealach cothrom agus comhleanúnach, agus le deimhniú go dtagann na tuairisceoirí leis na Critéir Mheasúnaithe.

Gheobhaidh an scoláire a cháilíocht i ndiaidh próiseas measúnaithe agus bailíochtaithe. Faightear an cháilíocht i ndiaidh don ghníomhaireacht ainmnithe a chinneadh go bhfuil na torthaí foghlama bainte amach ag an scoláire go dtí an caighdeán a thugtar.

## **Naisc úsáideacha**

---

Rialtas na hÉireann (2000) Treoirlínte tacaíochta foghlama (Baile Átha Cliath, Foilseacháin Rialtais).

An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta (1999). Riachtanais Speisialta Oideachais: Ceisteanna Curaclaim, Plépháipéar. CNCM: Baile Átha Cliath.

An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta (2015). Cláir Foghlama Leibhéal 1: Cáipéis Eolais. CNCM: Baile Átha Cliath.

An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta (2018). Cláir Foghlama Leibhéal 1: Treoirlínte do Mhúinteoirí. CNCM: Baile Átha Cliath.

An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta (2022). Athbhreithniú ar an tSraith Shinsearach: Tuarascáil Chomhairleach. CNCM: Baile Átha Cliath.

An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta (2023). Cáipéis Eolais agus Treoir d'fhorbairt mhodúil na sraithe sinsearaí don scoláire tar éis Cláir Foghlama Leibhéal 1 agus Leibhéal 2 CNCM: Baile Átha Cliath.

An Chomhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta (2022) Leanúntas Tacaíochta le haghaidh lar-bhunscoileanna: Treoirlínte do Mhúinteoirí, Baile Átha Cliath: Oifig an tSoláthair.

An tSeirbhís Náisiúnta Síceolaíochta Oideachais (2010) Leanúntas Tacaíochta d'Iar-bhunscoileanna Beart Acmhainní do Mhúinteoirí, Baile Átha Cliath: Oifig an tSoláthair.

Comhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta.

OIDE, Foghlaim Ghairmiúil Múinteoirí.


## Aguisín 1: Gluais de Bhriathra Gnímh

Cuireadh an ghluais seo i dtoll a chéile chun na torthaí foghlama i gClár Foghlama Leibhéal 1 agus Leibhéal 2 na sraithe sinsearaí a shoiléiriú.

Briathar gnímh	
Tabhair aird ar	Aird (amhairc/tadhaill/éisteachta) a dhíriú ar dhuine, rud nó spreagthach
Fiafraigh de	Cruthaigh/ faigh amach
Ríomh	Teacht ar fhreagra uimhriúil, ag taispeáint na gcéimeanna cuí san oibriú amach
Seiceáil	Cuir i gcomparáid le roghanna daoine eile
Roghnaigh/Déan roghanna	Sainrogha a thabhairt le fios ó roghanna a thugtar dó ag úsáid téacs ar bith
Soiléirigh	Roghanna a chur in iúl agus a chosaint
Cuir in iúl	Abair amach, déan gothaí, súilfhéachaint a bhogadh nó téacs a úsáid chun teachtaireacht a chur in iúl
Déan comparáid	Na cosúlachtaí nó na difríochtaí idir dhá rud nó dhá chás nó níos mó a chur in iúl
Ceangail	Déan comparáid, cuir in iúl i dtéarmaí coibhéiseacha agus cuir in ord
Cuir i gcodarsnacht	Dhá pheirspictíocht nó sheasamh éagsúla a chur i láthair agus na héagsúlachtaí a thaispeáint
Cuir le chéile	Rud éigin a dhéanamh nó a chruthú trí chodanna nó gnéithe a chur le chéile nó a eagrú
Ceartaigh	Dul i ngleic le hearráidí
Comhair	Baineann cúig phrionsabal le comhaireamh; 1:1. ord seasmhach, bunuimhir, neamhábharthacht oird agus teibíocht. Léiríonn an uimhir dheireanach sa chomhaireamh cainníocht an tacair.
Cruthaigh	A bheith páirteach i bpróiseas de rud éigin nua a chruthú
Taispeáin	Feasacht, scil nó tuiscint a léiriú
Cuir síos	Pictiúr nó íomhá mhionsonraithe a fhorbairt ar struchtúr nó ar phróiseas, mar shampla, ag úsáid focal nó léaráidí mar is cuí; plean, ionsamhlú nó samhail a tháirgeadh
Forbair	Dul chun cinn nó feabhsú chun éirí níos aibí, níos forásaí, nó níos casta
Idirdhealaigh	Na difríochtaí idir daoine, comhthéacs, coincheap nó rud a aithint.
Tarraing	Gluaiseacht rudaí a rianú nó láimhseoga nithiúla a úsáid le struchtúr nó patrún a fhiosrú
Téigh i ngleic le	Bheith páirteach i dtasc/bpróiseas (trí fhéachaint, tadhall, boladh, éisteacht nó blaiseadh)
Úsáid	Freagairt do agus cumarsáid a dhéanamh le
Meas	Luach garbh a thabhairt. Conclúid i bhfiosrúchán nó in iniúchadh a mheas; srianta sonraí i gconclúidí a shainithint; breithiúnais a dhéanamh faoi smaointe, faoi réitigh nó faoi mhodhanna
Faigh taithí	Páirt a ghlacadh i ngníomhaíochtaí
Measúnaigh	Conclúid i bhfiosrúchán nó in iniúchadh; srianta sonraí i gconclúidí a shainithint; breithiúnais a dhéanamh faoi smaointe, faoi réitigh nó faoi mhodhanna

Fiosraigh	Na céadfaí a úsáid (i dtéarmaí tadhaill, blais, fuaimne, amhairc, srl.) chun fiosrú a dhéanamh ar rud/choincheap/ghníomhaíocht. Féadfaidh an scoláire fionnachtana nua a dhéanamh i rith an phróisis seo.
Cuir in iúl	Mothúchán, tuairim nó teachtaireacht a léiriú trí aon téacs/athruithe freagartha in iompar
Bain	A fháil, a tharraingt, a dhéanamh amach, a bhaint amach, ag baint úsáid de ghnáth as iarracht, scileanna nó fórsa speisialta
Lean	Cloí le rialacha/gnásanna a bhaineann go sonrach le timpeallacht nó gníomhaíocht (m.sh. moilliú ó rith go siúl in ollmhargadh mar fhreagairt ar threoir a fháil ón múinteoir ó bhéal agus siombail 'siúl' a thabhairt)
Tabhair	Rud éigin a thabhairt de do thoil féin, nó rud éigin a bhronnadh ar dhuine éigin
Láimhseáil	Rud a fhiosrú trína thadhall/láimhseáil ar bhealach éigin. D'fhéadfadh baill choirp seachas lámha an scoláire a bheith i gceist anseo (m.sh. fionnadh a chuimilt ar a lámh/leiceann) más gá le tacú le riachtanais fhisiciúla nó chéadfacha an scoláire
Sainaithe	Cé nó céard é duine, rud nó spreagthach a láithriú agus/nó a shonrú
Cuir in iúl	Iompar a athrú ar bhealach a shainaithníonn/léiríonn freagairt do rud, duine, timpeallacht nó spreagthach le téacs ar bith. D'fhéadfadh sé gurb ea nó nach ea cumarsáid d'aon turas atá anseo (m.sh. caoineadh mar fhreagairt do thorann ard).
Méadaigh	Tuiscint a léiriú ar an difríocht luacha
Tús a chur le	Rud éigin a thosú. Féadfaidh scoláire a chuireann tús le cumarsáid/idirghníomhú le duine éigin sin a dhéanamh ar réimse bealaí lena n-áirítear teagmháil súl a lorg, lámh a shíneadh i dtreo duine, guthaíocht nó lámh a leagan ar rud éigin a bhfuil cur amach aige air
Idirghníomhaigh	Eispéireas a fháil ar thionchar a imirt agus/nó tionchar a bheith ort trí idirghníomhú le duine eile
Léirmhíne	Tuiscint ar fhaisnéis, eolas nó scil a chur in iúl.
Éist	Aird éisteachta a dhíriú ar eispéireas fuaimneanna. Ní thugann scoláire aird amhairc i gcónaí ar an bhfoinse fuaimne
Aimsigh	Áit nó suíomh beacht a aimsiú; rud éigin a cur in áit faoi leith agus/nó laistigh de chomhthéacs faoi leith
Coinnigh	Coinnigh, machnaigh agus/nó athbhreithnigh
Tomhais	Feasacht a léiriú gur féidir gnéithe rudaí amháil fad, meáchan, toilleadh agus achar a thomhas agus a chur i gcomparáid.
Bog	Seasamh i spás a athrú le tacaíocht nó dá huireasa
Ainm	Nithe a aithint de réir a ngaol 'cuid-iomlán'
Cuir in ord	Rudaí a chur i gcomparáid agus a chur in ord de réir aitreabúid faoi leith (méid fisiciúil) atá acu i gcomparáid lena chéile. Cuirtear aitreabúidí in ord agus i gcomparáid lena chéile ach úsáid a bhaint as aonaid tomhais
Eolas a bheith agat ar	Eolas, tuiscint nó taithí ar rud éigin nó duine éigin a bheith agat
Glac páirt	Rannpháirtíocht sa ghníomhaíocht foghlama a léiriú
Pleanáil	Modh nó cur chuige a cheapadh nó a bheartú
Tuar	Feasacht/eolas a thabhairt le fios maidir leis an gcéad rud eile bunaithe ar fhoghlaim agus eispéiris atá déanta cheana (m.sh. nuair a chuireann múinteoir a lámh isteach i mála prapaí ag pointe áirithe i scéal a bhfuil aithne aige air, freagraíonn an scoláire trína aghaidh a bhogadh ag fanacht leis an sprae uisce a úsáidtear sa phointe seo den scéal)

Ullmhaigh	Rud a fháil faoi réir le haghaidh a úsáide nó chun é a chur i láthair
Cuir i láthair	Smaoineamh a chur chun cinn nó a mholadh; fianaise a thabhairt nó a léiriú; rud a thaispeáint ionas gur féidir le daoine eile é a scrúdú
Cuir ar fáil	Rud éigin a theastaíonn ó dhuine éigin a thabhairt dó
Ceannaigh	Freastalaíonn sé ar chásanna ina malartaítear rudaí le haghaidh airgid
Léigh	Brí a bhaint as agus tuiscint a léiriú ar aon fhoirm téacs (m.sh. féachaint ar rud tagartha do 'sneaic' agus ansin an cloigeann a chasadh láithreach i dtreo an chófra sneaice ag súil le ceann)
Aithin	Tuiscint/cur amach a léiriú ar dhuine, comhthéacs, rud nó spreagthach ó eispéiris roimhe seo. B'fhéidir go mbeadh an scoláire in ann eolas a úsáid, a fuarthas ó eispéiris roimhe seo chun duine, comhthéacs, rud nó spreagthach a shainaithint.
Aithin	Tuiscint ar dhaoine, comhthéacs, coincheap, nó rud a léiriú
Taifead	Eolas don todhchaí a choimeád trína scríobh síos nó trína stóráil go digiteach
Léirigh	Faisnéis a thaispeáint ar bhealaí éagsúla
Beachtaigh	Smaoineamh, modh, córas a fheabhsú trí athruithe beaga a dhéanamh
Iarr	Téacs ar bith a úsáid chun mian nó riachtanas a chur in iúl
Freagair	Iompar a athrú ar bhealach éigin (súilfhéachaint a bhogadh/athrú/freagairt ó bhéal/cumarsáid a dhéanamh trí théacs/mothúcháin a léiriú srl.) mar fhreagairt ar rud éigin nó duine éigin
Slánaigh	Is féidir leis an meastachán agus leis an slánú cuidiú chun réasúntacht idirbheart a mheas
Lorg	Rud éigin a chuardach/breathnú an bhfuil rud éigin ann. Éilítear anseo ar an scoláire díriú ar an ngníomhaíocht/tasc le rún agus cuspóir.
Roghnaigh	Rogha a dhéanamh agus/nó úsáid a bhaint as
Seicheamh	Liosta rudaí nó gníomhartha a leanann a chéile de réir oird. Is féidir cur síos a déanamh ar imeachtaí i ngnáthchúrsaí an tsaoil agus is féidir iad a chur in ord. Is léaráid úsáideach é amchlár chun an uair a tharlaíonn rudaí a thaispeáint
Taispeáin	Feasacht, tuiscint, eolas nó mothúcháin a chur in iúl trí ghníomhartha
Sórtáil	Is féidir réada agus tacair a réiteach de réir aitreabúid amháin nó níos mó.
Tuig	Foghlaim i gcomhthéacs sonracha a thuiscint agus a chur i bhfeidhm.
Tabhairt faoi	Tabhairt faoi agus/nó bheith rannpháirteach i ngníomhaíochtaí rólimeartha
Úsáid	Feasacht/scileanna/foghlaim chéadfach a chur i bhfeidhm i suíomh praiticiúil le haghaidh feidhm ar leith
Scríobh	Litreacha, focail, uimhreacha nó siombailí a tharraingt ar dhromchla le huirlis amhail peann nó peann luaidhe nó uirlis dhigiteach



**NCCA**

An Chomhairle Náisiúnta  
Curaclaim agus Measúnachta  
National Council for  
Curriculum and Assessment